# Cairt BowelScreen

## Ár dtiomantas duitse

**Insíonn ár gcairt duit cad is féidir leat a bheith ag súil leis nuair a úsáideann tú ár gclár scagthástála. Léiríonn sé conas is féidir leat cabhrú linn ár seirbhísí a fheabhsú duit féin agus do dhaoine eile. D'oibríomar le daoine a úsáideann ár seirbhísí scagthástála agus lenár bhfoireann chun an chairt seo a fhorbairt.**

### Páirt a ghlacadh

Cuirimid scagthástáil putóige saor in aisce ar fáil do dhaoine idir 57 agus 71 bliain d'aois gach 2 bhliain. Le himeacht ama, cuirfimid scagthástáil putóige ar fáil do dhaoine idir 50 agus 74 bliain d'aois.

Is tástáil é scagthástáil putóige is féidir leat a dhéanamh sa bhaile. Seolfaimid fearas tástála baile chugat. Is féidir leat sampla faecais beag (cac) a bhailiú agus é a chur ar ais chuig ár saotharlann tríd an bpost.

Is féidir leat ár suíomh gréasáin a úsáid hse.ie/bowelscreen chun:

- an raon aoise incháilithe a sheiceáil
- clárú le haghaidh scagthástáil putóige
- a fháil amach cathain a bheidh do chéad tástáil eile dlite
- fearas tástála baile a iarraidh
- do shonraí teagmhála a nuashonrú.

Is féidir leat glaoch orainn freisin ar shaorghlao 1800 45 45 55 nó ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@bowelscreen.ie

Má tá míchumas ort nó má tá tacaíocht uait, déan teagmháil lenár n-oifigeach rochtana ag access@bowelscreen.ie nó glaoigh orainn ar shaorghlao 1800 45 45 55.

### Cumarsáid agus faisnéis

Seolfaimid litir chugat sa phost nuair atá do chéad tástáil scagthástála eile dlite duit. Is féidir leat ár suíomh gréasáin a sheiceáil freisin chun a fháil amach cathain atá sé dlite.

Seolfaimid faisnéis chugat nuair a thugaimid cuireadh duit le haghaidh scagthástáil, agus nuair a seolfaimid do thorthaí chugat. Cabhróidh sé seo leat rogha eolasach a dhéanamh.

Seolfaimid do thorthaí tástála chugat féin agus chuig do dhochtúir laistigh de 4 seachtaine tar éis duit d'fhearas tástála baile a fháil.

Bíonn toradh normalach tástála ag formhór na ndaoine. Mura bhfuil do thoradh normalach, cuirfimid cuireadh duit le haghaidh tástála leantach saor in aisce, ar a dtugtar ionscópacht ar an drólann, ag clinic ospidéil. Glaofaidh altra ort chun do oiriúnacht d'ionscópacht ar an drólann a phlé agus a mheasúnú. Cuirfimid coinne ionscópachta ar an drólann ar fáil duit laistigh de 4 seachtaine ón measúnú.

Beidh altra ar fáil freisin chun tacú leat tar éis d'ionscópacht ar an drólann.

Labhróimid leat faoi aon tástálacha nó cóireáil a theastaíonn uait tar éis d' ionscópacht ar an drólann.

### Freagracht

Táimid mar chuid de Sheirbhís Náisiúnta Scagthástála FSS, agus déanaimid tuairisciú rialta ar ár bhfeidhmíocht ar ár suíomh gréasáin.

Má fhaigheann muid amach go bhfuil botún déanta againn, cuirfimid in iúl duit agus déanfaimid gach rud is féidir linn chun é a chosc ó tharlú arís duit féin nó d'aon duine eile.

Cuirimid fáilte roimh d'aiseolas. Más mian leat insint dúinn faoi do thaithí le scagthástáil putóige, glaoigh orainn ar shaorghlao 1800 45 45 55 nó seol ríomhphost chugainn ag info@bowelscreen.ie

Is é Do Sheirbhís Do Thuairim an chaoi a n-éistimid agus a bhfreagraímid d'aiseolas faoinár seirbhísí. Seol ríomphost chuig your.say@screeningservice.ie chun:

- tuairim nó moladh a dhéanamh
- moladh nó aiseolas dearfach a thabhairt
- gearán foirmiúil a dhéanamh.

Coinneoimid d'aiseolas agus déanfaimid é a mheas agus feabhsuithe á ndéanamh ar ár gclár.

### Meas agus príobháideachas

Éistfimid leat, beidh meas againn ort agus caithfimid go cineálta leat.

Tacaímid lenár bhfoireann, cuirimid oideachas orthu agus cuirimid oiliúint orthu chun caitheamh go cothrom le gach duine, agus chun meas a léiriú ar chúlra agus ar fhéiniúlacht chultúrtha gach duine.

Táimid tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus a urramú, agus glacaimid do chearta príobháideachais dáiríre. Déileálfaimid le do chuid faisnéise pearsanta go cúramach agus coinneoimid slán í. Déanfaimid do chuid sonraí a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus go trédhearcach.

Is rogha é scagthástáil.

- Is féidir leat cinneadh a dhéanamh gan páirt a ghlacadh nuair a thugaimid cuireadh duit.
- Is féidir leat diúltú do chuirí a fháil uainn ag am ar bith. Féadfaidh tú rogha a dhéanamh iad a fháil arís má athraíonn tú d'intinn agus má tá tú fós i dteideal páirt a ghlacadh.

### Seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha

Leanaimid ár gCaighdeáin maidir le Dearbhú Cáilíochta i Scagthástáil Cholaireicteach agus déanaimid monatóireacht ar ár bhfeidhmíocht chun a chinntiú go n-oibrímid de réir na gcaighdeán is airde.

Déanaimid feabhsuithe leanúnacha chun beathaí a shábháil agus sláinte daoine a fheabhsú.

Déanaimid nuashonrú ar ár suíomh gréasáin go rialta le faisnéis faoi BowelScreen.

### Sláinte a fheabhsú

Is féidir le scagthástáil putóige cuidiú le hailse phutóige a chosc agus í a aimsiú go luath nuair a bhíonn sí níos éasca a chóireáil. Is féidir le scagthástáil beathaí a shábháil.

Tabharfaimid faisnéis duit faoi chomharthaí coitianta ailse phutóige.

Is féidir le hathruithe ar do phutóg tarlú idir tástálacha scagthástála, agus forbróidh líon beag daoine ailse phutóige tar éis scagthástail ionscópachta ar an drólann a bheith acu.

Is féidir leat iarraidh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar do scagthástail ionscópachta ar an drólann deiridh má dhéantar diagnóis ailse phutóige ort laistigh de 3 bliana ó do scagthástáil ionscópachta ar an drólann.



BowelScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

BSP/COM-007 Rev3
Bealtaine 2026

**Scan an cód MF chun rochtain a fháil ar leathanach clárúcháin BowelScreen**